Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0047(NLE)**

**6887/23**
**ADD 1**

**AELE 6**
**EEE 3**
**N 17**
**ISL 18**
**FL 4**
**MI 143**
**ENT 37**
**AGRILEG 30**
**ENV 181**
**CHIMIE 13**
**IND 73**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 95 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn I (Ábhair thréidliachta agus fíteasláintíochta) agus Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE (Fertilisers) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 95 final.

Faoi iamh: COM(2023) 95 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.2.2023
COM(2023) 95 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn I (Ábhair thréidliachta agus fíteasláintíochta) agus Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Fertilisers)**

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimhir […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Ábhair thréidliachta agus fíteasláintíochta) agus Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003[1], arna cheartú le IO L 83, 10.3.2022, lch. 66 agus IO L 161, 16.6.2022, lch. 121, le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Tá Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1768 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2021 lena leasaítear, chun críoch a n-oiriúnaithe don dul chun cinn teicniúil, Iarscríbhinní I, II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh[2] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Tá Cinneadh (AE) 2020/1178 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2020 maidir leis na forálacha náisiúnta a dtugann Ríocht na Danmhairge fógra fúthu de bhun Airteagal 114(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cion an chaidmiam i leasacháin[3] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Tá Cinneadh (AE) 2020/1184 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 maidir leis na forálacha náisiúnta a dtugann an Ungáir fógra fúthu de bhun Airteagal 114(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cion an chaidmiam i leasacháin fosfáite[4] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Tá Cinneadh (AE) 2020/1205 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2020 maidir leis na forálacha náisiúnta a dtugann Poblacht na Slóvaice fógra fúthu de bhun Airteagal 114(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cion an chaidmiam i leasacháin fosfáite[5] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

---

1 IO L 170, 25.6.2019, lch. 1.
2 IO L 356, 8.10.2021, lch. 8.
3 IO L 259, 10.8.2020, lch. 14.
4 IO L 261, 11.8.2020, lch. 42.
5 IO L 270, 18.8.2020, lch. 7.

(6) Tá an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cuma amhairc an lipéid ar tháirgí leasacháin AE dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(7) Le Rialachán (AE) 2019/1009, aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(8) An maolú faoinar féidir le Stáit CSTE srian a chur le margú leasachán ina margaí mar gheall ar chion an chaidmiam, tá sé i bhfeidhm i gComhaontú LEE ó tháinig sé i bhfeidhm in 1994. Maidir leis na Ballstáit ar deonaíodh na maoluithe céanna dóibh i ndáil le cion an chaidmiam i leasacháin, tá na himthosca fíorasacha lena n-éilítear an maolú sin fós bailí.

(9) Tá Rialacháin (CE) Uimh. 2076/2004[8], (CE) Uimh. 162/2007[9], (CE) Uimh. 1107/2008[10], (CE) Uimh. 1020/2009[11], (AE) Uimh. 137/2011[12], (AE) Uimh. 223/2012[13], (AE) Uimh. 463/2013[14], (AE) Uimh. 1257/2014[15], (AE) 2016/1618[16], (AE) 2019/1102[17], (AE) 2020/1666[18] agus (AE) 2021/862[19] ón gCoimisiún, atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE, imithe i léig agus tá siad le haisghairm dá réir sin faoi Chomhaontú LEE.

(10) Tá forálacha maidir le hábhair thréidliachta sa Chinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair thréidliachta, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas le pointe 9b (Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) i gCuid 7.1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32019 R 1009**: Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1), arna cheartú le IO L 83, 10.3.2022, lch. 66 agus le IO L 161, 16.6.2022, lch. 121.'

---

6 IO C 119, 7.4.2021, lch. 1.
7 IO L 304, 21.11.2003, lch. 1.
8 IO L 359, 4.12.2004, lch. 25.
9 IO L 51, 20.2.2007, lch. 7.
10 IO L 299, 8.11.2008, lch. 13.
11 IO L 282, 29.10.2009, lch. 7.
12 IO L 43, 17.2.2011, lch. 1.
13 IO L 75, 15.3.2012, lch. 12.
14 IO L 134, 18.5.2013, lch. 1.
15 IO L 337, 25.11.2014, lch. 53.
16 IO L 242, 9.9.2016, lch. 24.
17 IO L 175, 28.6.2019, lch. 25.
18 IO L 377, 11.11.2020, lch. 3.
19 IO L 190, 31.5.2021, lch. 74.

*Airteagal 2*

Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 1 (Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XIV:

   '**32019 R 1009**: Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1), arna cheartú le IO L 83, 10.3.2022, lch. 66 agus IO L 161, 16.6.2022, lch. 121, arna leasú leis an Rialachán seo a leanas:

   - **32021 R 1768**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1768 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2021, (IO L 356, 8.10.2021, lch. 8).

   Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

   (a) Beidh sé de shaoirse ag Stáit CSTE leanúint dá dteorainnluachanna náisiúnta maidir le caidmiam i leasacháin fosfáite a chur i bhfeidhm, teorainnluachanna arb ann dóibh ar dháta theacht isteach Chinneadh Uimh .../... ó Chomhchoiste LEE an [an cinneadh seo] go dtí an tráth go mbeidh na teorainnluachanna comhchuibhithe maidir le cion an chaidmiam i leasacháin fosfáite atá cothrom leis na teorainnluachanna sin, nó níos ísle ná iad, infheidhme sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

   (b) In Airteagal 1(2), cuirtear na pointí seo a leanas isteach tar éis phointe (p):

   '(q) dlí sláinte plandaí náisiúnta Stáit CSTE;

   (r) dlí náisiúnta Stáit CSTE maidir le speicis choimhthíocha ionracha.'

   (c) In Airteagal 52, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, cuirtear isteach na focail 'nó dáta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh .../... ó Chomhchoiste LEE an [an cinneadh seo], cibé acu is déanaí' tar éis na bhfocal '16 Iúil 2022'.'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5 (Cinneadh 2006/390/CE ón gCoimisiún) de Chaibidil XIV:

   '6. **32020 D 1178**: Cinneadh (AE) 2020/1178 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2020 maidir leis na forálacha náisiúnta a dtugann Ríocht na Danmhairge fógra fúthu de bhun Airteagal 114(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cion an chaidmiam i leasacháin fosfáite (IO L 259, 10.8.2020, lch. 14).

   7. **32022 D 1184**: Cinneadh (AE) 2020/1184 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 maidir leis na forálacha náisiúnta a dtugann an Ungáir fógra fúthu de bhun Airteagal 114(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cion an chaidmiam i leasacháin fosfáite (IO L 261, 11.8.2020, lch. 42).

   8. **32020 D 1205**: Cinneadh (AE) 2020/1205 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2020 maidir leis na forálacha náisiúnta a dtugann Poblacht na Slóvaice fógra fúthu de bhun Airteagal 114(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cion an chaidmiam i leasacháin fosfáite (IO L 270, 18.8.2020, lch. 7).

   *GNÍOMHARTHA A dTABHARFAIDH NA PÁIRTITHE CONARTHACHA DÁ nAIRE*

Tabharfaidh na Páirtithe Conarthacha na gníomhartha seo a leanas dá n-aire:

1. **52021XC0407(04)**: Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cuma amhairc an lipéid ar tháirgí leasacháin AE dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 119, 7.4.2021, lch. 1).'

3. Leasaítear pointe 13 (Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XV mar a leanas:

(i) cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas:

'- **32019 R 1009**: Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1), arna cheartú le IO L 83, 10.3.2022, lch. 66 agus le IO L 161, 16.6.2022, lch. 121.'

(ii) athuimhrítear oiriúnuithe (i) agus (j) mar oiriúnuithe (j) agus (k) faoi seach.

(iii) cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach tar éis oiriúnú (h):

'(i) In Airteagal 80(8), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'dáta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. .../... ó Chomhchoiste LEE an [an cinneadh seo]' a bheidh ann in ionad na bhfocal '15 Iúil 2019'.'

*Airteagal 3*

Is barántúil a bheidh téacsanna Rialachán (AE) 2019/1009, arna leasú le IO L 83, 10.3.2022, lch. 66 agus IO L 161, 16.6.2022, lch. 121, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1768, Cinntí (AE) 2020/1178, (AE) 2020/1184 agus (AE) 2020/1205, agus téacsanna na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le cuma amhairc an lipéid ar tháirgí leasacháin AE dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

[…]

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
[…]